Mo Bhosca Litreacha

Réamhrá: Cabhróidh na gníomhaíochta ealaíne agus ceardaíochta seo le daltaí a scileanna cruthaitheacha agus scríbhneoireachta a fhorbairt chomh maith lena gcumas chun eolas a fháil faoin stampa Penny Black ón idirlíon. Tá focail sa bhanc focal thíos nach raibh taithí ag na daltaí orthu cheana b'fhéidir.

Gníomhaíocht Ealaíne agus Ceardaíochta: Déan do bhosca poist féin! Níl ag teastáil ach bosca folamh bróga. Bain an clúdach as agus le cabhair ó do mhúinteoir clúdaigh an bosca agus an clúdach le páipéar. Cuir an clúdach ar ais ar an mbosca agus tiontaigh bun os cionn é. Iarr ar do mhúinteoir siosúr a úsáid le scoilt mhór a ghearradh ar bharr an bhosca. Anois bain taitneamh as an bosca a mhaisiú mar is fearr leat féin - déan pictiúir de dhragúin nó de bhláthanna nó cibé rud is mian leat.

Gníomhaíocht Ealaíne agus Ceardaíochta: Déan cárta cairdis le haghaidh roinnt daoine i do rang. Tarraing pictiúr ar aghaidh an chárta agus dathaigh é, agus scríobh teachtaireacht cairdis ar an taobh istigh. Cuir sa bhosca litreach ansin é.

Gníomhaíocht Ealaíne agus Ceardaíochta: An chéad stampa a úsáideadh in Éirinn i 1840. An 'Penny Black'. Tarraing pictiúr den 'Penny Black' i do chóipleabhar. Tá an Penny Black ar fáil ag www.anpostschoolbag.ie

Moltaí le haghaidh obair bhaile:

Dearaigh do stampa féin ag baint úsáide as an teimpléad atá faoi iamh.

Bailigh stampaí ó litreacha a seachadadh chuig do theach le déanaí. Cén áit as ar tháinig na stampaí seo?

Déan cárta cairdis do dhuine nach bhfaca tú le tamall, agus seoil chucu é.

Mo Bhanc Focal:

Bain Siosúr	Maisigh	Dragúin	Éire
Teachtaireacht	Cairdeas	Seachadadh	

Mo Bhosca Litreacha

Dearaigh do stampa féin anseo!